

Preaseisiúint ó FRA

Vín, an 23 Meán Fómhair 2020

An Suirbhé ar Romaigh agus ar Thaistealaithe: Ní mór don Eoraip deireadh a chur le ciorcal lochtach na bochtaineachta agus an idirdhealaithe a fhulaingíonn na Romaigh agus na Taistealaithe

Cé go gcónaíonn siad i gcuid de na tíortha is saibhre ar domhan, ní bhíonn sé ar acmhainn ceathrú cuid de na Romaigh agus na Taistealaithe in Iarthar na hEorpa íoc as míreanna bunúsacha amhail teas nó bia folláin, agus téann suas le cúigiú cuid dá leanaí a luí agus ocras orthu, dar leis na fionnachtana ón suirbhé nua ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Anuas air sin, is cúiseanna le heaspa deiseanna fostaíochta agus le bochtaineacht fhorleathan don iomad díobh iad an t-idirdhealú fairsing agus luathfhágáil na scoile. Mar thoradh air sin, tá ag na Romaigh agus na Taistealaithe ionchas saoil atá 10 mbliana níos ísle ná ionchas saoil an phobail i gcoitinne. Ba cheart go spreagfadh na fionnachtana sin an tAontas Eorpach agus rialtais náisiúnta dul i mbun freagairtí beartais agus ba cheart go dtacódh siad leis an lucht déanta beartas obair i gcomhar leis na Romaigh agus leis na Taistealaithe chun dul i ngleic leis an eisiaimh agus leis an mbochtaineacht.

"Nochtar go soiléir sa tuarascáil seo an cruatan millteanach a fhulaingíonn an iomad Romach agus Taistealaithe in Eoraip ár linne," arsa [Michael O'Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. "Bhíothas ag déileáil le neamhionannais cheana féin sular tháinig COVID-19 chun cinn, agus tugtar leis na fionnachtana meabhrúchán práinneach gur gá do rialtais agus don tsochaí deireadh a chur le ciorcal lochtach na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta."

Den chéad uair riamh, tugtar sa tuarascáil ar an [Suirbhé ar Romaigh agus ar Thaistealaithe](#) sonraí incomparáide ar eispéiris na Romach agus na dTaistealaithe sa dóigh a n-urramaítear a gcearta bunúsacha sa Bheilg, sa Fhrainc, in Éirinn, san Ísiltír, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe. Leagtar béim inti ar na neamhionannais fhorleathana a mbuanaítear timthriallta na bochtaineachta agus an eisiaimh dá mbarr:

- **Dálaí maireachtála:** Deir níos mó ná 90% de na Taistealaithe sa Bheilg, in Éirinn agus san Ísiltír nach ann do go leor áiteanna cónaithe dóibh. Cónaíonn duine amháin as gach ceathrar leanaí ar Romaigh nó Taistealaithe iad le teaghlach nach mbíonn ar a acmhainn íoc as míreanna bunúsacha amhail bia folláin nó teas nó a mbíonn deacrachtaí aige an cíos a íoc. Bíonn a lán díobh ag déileáil leis an ocras. Anuas air sin, tá a n-ionchas saoil 10 mbliana níos ísle ná ionchas saoil an phobail i gcoitinne.
- **Obair:** Is lú an líon Romach agus Taistealaithe atá i mbun fostaíochta íochta ná an líon daoine sa phobal i gcoitinne atá ina bun. Tá na céatadáin ina leith chomh híseal le 15% in Éirinn agus chomh hard le 50% sa Bheilg. Bíonn an staid fostaíochta doiligh do na mná agus do na daoine óga go háirithe.
- **Scolaíocht:** Dúirt geall le trian de thuismitheoirí go ndearnadh ciapadh ó bhéal ar a leanaí ar scoil toisc gur Romaigh nó Taistealaithe iad. Níor éirigh le dhá dtrian de na Romaigh óga agus de na Taistealaithe óga ach oideachas meánscoile íochtaraí a chur i gcrích.

Eiseoidh an AE ar ball an Creat Straitéiseach nua ón AE um Chomhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach. De réir mar a théimid ar aghaidh, iarrann FRA ar an AE agus ar a Bhallstáit obair leis an bpobal Romach agus leis an bpobal Taistealaithe chun beartais a dhearadh agus spriocanna soiléire a shocrú chun na nithe seo a dhéanamh:

- **Cáilíocht na beatha a fheabhsú:** Ba cheart do na Ballstáit na Taistealaithe a chumasú leanúint lena stíl mhaireachtála, agus láithreáin leordhóthanacha stad ar a mbeadh cóiríocht fhóna ar fáil á soláthar acu. Ba cheart dóibh díbirt éigeantach a sheachaint, go háirithe i gcásanna ina bhfuil leanaí i gceist, agus ba cheart dóibh tithíocht mhalartach a thairiscint do dhaoine a díbríodh. Ba cheart dóibh cosaint shóisialta a thairiscint freisin chun cúram sláinte a fheabhsú, an bhochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur leis an ocras, go háirithe i measc leanaí ar Romaigh nó Taistealaithe iad.
- **Deiseanna fostaíochta a bhreisiú:** Ba cheart do na Ballstáit teacht ar dhóigheanna a bhféadfaí cur ar chumas na mban agus na ndaoine óga poist a fháil trí thaithí oibre a thairiscint, trí scéimeanna fostaíochta earnála poiblí a reáchtáil agus trí rochtain níos fearr a thabhairt ar chuntais bhainc, mar shampla.
- **Ionchais oideachais a threisiú:** Ní mór do na Ballstáit an t-oideachas a chur in oiriúint do riachtanais na Romach agus na dTaistealaithe trí chúntóirí teagaisc speisialta a shannadh agus trí scolaíocht bhaile agus cianfhoghlaim a éascú, mar shampla, agus ní mór dóibh dreasachtaí a chruthú chun go mbainfidh na Romaigh agus na Taistealaithe leibhéal gnóthachtála níos airde amach ar scoil. Ba cheart curaclaim agus oiliúint múinteoirí a úsáid freisin chun cur in aghaidh steiréitíopaí na Romach laistigh de scoileanna.

Ba é a bhí i gceist leis an suirbhé ná agallaimh aghaidh ar aghaidh a dhéanamh idir mí na Nollag 2018 agus mí Iúil 2019 le níos mó ná 4,500 duine ar Romaigh nó Taistealaithe iad. Comhlánaíonn sé [an taighde roimhe a rinne FRA](#) i naoi dtír eile san Aontas.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le: media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642